

CLEACHTAS NA SCÉALAÍOCHTA I GCORCA DHUIBHNE: CUMADH AGUS LÁITHRIÚ NA STAIRE SHÓISIALTA I MEASC PHOBAL TRADISIÚNTA GAEILGE

Eilís Ní Dhúill

Summary¹

For the leaders of the 1916 insurrection and their Commandant General Patrick Pearse (1879-1916), the Easter Rising was a “blood sacrifice” which brought with it the promise to free Ireland from modernity and the age of reason that England represented. This symbolic act could, they believed, ultimately liberate the Irish people to restore those qualities, institutions and customs which were most Irish. As D.P. Moran, following Patrick O’Farrell, has indicated, it was Pearse who came to articulate the Irish rejection of the modern spirit and to promote the restoration of an ideal truly Irish Ireland through revolutionary action at a critical moment in history (D.P. Moran 174-202). Fantasizing and romanticizing about the Irish past, Pearse presents in his writings his understanding of the noble nature of traditionally Irish speaking Gaeltacht communities (Edwards 89-100). Implied is the belief that these truly Irish people, despite persecution and oppression, possessed a nobler and more humane set of values upon which an Independent Republic could and should be founded. There is little to indicate, however, that Pearse ever had any true sense of the lived experience or the challenges faced by communities he glorified. In the face of erasure of indigenous culture as presented by Pearse and influenced by the sociolinguistic theories of Fichte, Humboldt and Herder, Irish nationalists in the aftermath of 1916 proclaimed a commitment to Gaelic Irish culture (Ó Conchubhair 13-50). To this end, linguistic and ethnographic studies were carried out among the remaining Irish speaking communities along the Western sea-board. In 1927 *The Folklore of Ireland Society* (An Cumann le Béaloideas Éireann) was established with the primary aim of recording and classifying the oral narratives of the people. This process of gathering and examining led to the commodification of traditionally Irish speaking communities, of their language, and of their cultural practices.

Early understanding of the transmission of cultural product in oral traditionally Irish speaking communities, such as that of the Great Blasket, one of the most venerated Gaeltacht communities, promoted the assumption that narratives consisted of recol-

1 An early version of this paper was presented in English at the Inter-Disciplinary.net Storytelling conference in Prague, 21-24 May 2013. For English language readers wishing to engage with some of the issues raised in this paper, please see Ní Dhúill.

lections recited verbatim, by rote learning, passed from person to person, from generation to generation.² As Ruth Finnegan explains:

The earlier model was often a somewhat passive one; stories pictured as coming down automatically irrespective of human agency. Insofar as the 'traditor' had a role, it was that of recalling items lodged in the memory through a generalized and non-culture-specific process (Finnegan 115).

Such incomplete understandings historically led to the belief that oral cultures and traditions were static rather than dynamic and consisted of a group of passive informants rather than active individual authors. As Linda Dégh has pointed out, however, narratives are living entities, an inveterate component of human communication:

Narration is ageless. The impulse to tell a story and the need to listen to it have made narrative the natural companion of man throughout the history of civilization. Stories are able to adapt themselves to any local and social climate. They are old and venerable, but they are also new and up to date. (53)

Narratives offer a glimpse into different worldviews and experiences, but also, as Kroskirty highlights, they are "critical resources" for constructing identity and for maintaining community (151). In studying the testimonies of members of the Great Blasket Island (GBi) community as presented in film form, I am arguing for a new understanding of the tradition of storytelling as a cultural practice. This new understanding will offer a glimpse into the lived experience of the storytellers and their understanding of that experience.

Deireadh an Áil (The Last of the Blasket People) is a 40-minute television documentary capturing memories of surviving members of the GBi community.³ It was initially broadcast on Radio Telefís Éireann (RTÉ), Ireland's national public service television and radio broadcaster, in April 1996 and rebroadcast on TG4, a national Irish-language public service television broadcaster in 2012. Examining the testimony of one individual in detail as recorded by a member of her extended community provides access to the intricacies of this culture and tradition and their visual representation in Irish-language documentary film. By invoking disparate transgenerational texts, oral and written, Niamh Uí Laoithe, granddaughter of the writer Tomás Ó Criomhthain, offers an insight into how she draws on a variety of perspectives and sources. Further investigation of individual aspects of testimonials she draws upon, in particular her mother's letter, reveals how Uí Laoithe allows certain memories to influence each other and to merge into one coherent narrative uniquely her own. This allows her to

2 The Great Blasket Island, the largest and most famous of the archipelago of seven islands off the south west coast of Kerry, was inhabited until the mid 1950s. The small fishing community, whose native language was Irish, left an indelible mark on the literary history of Ireland with books such as *The Islandman (An tOileánach)*, 1928) by Tomás Ó Criomhthain, *Twenty Years A-Growing (Fiche Blián ag Fás)*, 1933) by Muiris Ó Súilleabháin and *Peig: An Autobiography (Peig: A Scéal Féin)*, 1936) by Peig Sayers.

3 The last of the Great Blasket island residents relocated to mainland Kerry in the mid 1950s citing a declining population and a lack of health and educational facilities as their primary motivation.

interpret them and to come to her own new understanding, as an individual who had strong physical ties with GBi in childhood but who lived much of her life at a distance from it. Through her unique performance Uí Laoithe constructs her own unique narrative. As the filmmaker Breandán Feiritéar, in his directorial choices, supports and augments Uí Laoithe's account through the use of archival visual, oral and written material, he reveals his unique understanding of the intricacies of the culture and tradition of storytelling of GBi community. His unique position allows him, and thus the viewer, access to layers of understanding only available to someone with an intimate understanding of the community. The collaboration between Feiritéar and Uí Laoithe as presented in *DÁ* and broadcast on TG4 offers a unique insight into how individual members of a traditionally Irish-speaking community in West Kerry construct and author their unique narratives. Together these narratives allow for a greater understanding of this traditionally Irish speaking community, their experiences, and their unique storytelling tradition than that offered by Pearse and cultural nationalists of early-twentieth-century Ireland.

Réamhrá

Ag cur i gcoinne na nua-aoiseachta agus na hEagnaíochta, ar samhlaíodh dóibh An Bhreatain bheith ina hionadaí di, a bhí ceannairí Éirí Amach 1916 faoi stiúir Phádraig Mac Piarais (1879-1916). Gné thábhachtach den fhealsúnacht a bhí á chraobhscaoileadh ag Mac Piarais, agus ag na náisiúnaithe a lean, ab ea an dílseacht do chultúr na nGael. Samhlaíodh do Mhac Piarais agus dá lucht leanta, in ainneoin an cos ar bolg a imríodh orthu, go raibh uaisleacht agus daonnacht ar leith ag roinnt le muintir na hÉireann riamh. Tuigeadh dóibh go gceadódh an gníomh siombalach fuilteach i mí Aibreán 1916 d'Éireannaigh tréithe, institiúidí agus nósanna traidisiúnta a sinsir a athmhúscailt (D.P. Moran 174-202).

Ina chuid scríbhneoireachta, déanann Mac Piarais cur síos rómánsúil ar phobail Ghaeltachta. Chreid sé go raibh cultúr agus meon eisceachtúil na nGael beo i gcónaí i measc phobail thraidisiúnta Ghaeilge ar imeallbhoird iarthar na hÉireann. Ní léir, áfach, go raibh aon fhíorthuisicint aige ar chás na bpobal seo ná ar na deacrachtaí laethúla lena ndeachaigh siad i ngleic (Edwards 89-100).

Spriag an tuiscint go raibh deireadh ag teacht leis agus go gcaithfí é a chosaint agus a chaomhnú, dílseacht do chultúr traidisiúnta na nGael i measc náisiúnaithe. Tosáidh ag déanamh staidéir teangeolaíoch agus eitneagrafaíoch ar insintí fhaisnéiseoirí, agus á rangú. San obair seo, rinneadh tráchtearrú ar theanga, ar thírdhreach, ar charachtair agus ar chleachtais chultúrtha phobail thraidisiúnta Ghaeilge. Maireann rian an chur chuige seo go fóill ar léann an bhéaloidis Ghaeilge. Le teacht na nuamheán cumarsáide, tá deis níos fearr ná riamh ag pobail thraidisiúnta Ghaeilge iad féin a chur i láthair ina dtéarmaí tagartha féin. Ceist a ritheadh le duine mar sin, cén chaoi a gcuireann pobail thraidisiúnta Ghaeilge na hÉireann iad féin i láthair go poblí agus sinn ag druidim i dtreo 2016? Níl fúmsa an cheist a fhreagairt go hiomlán

ina bhfuil i mo dhiaidh anseo. Mar sin féin, is féidir léargas éigin a thabhairt ar an gceist. Mar sin de, cuirim romham sa pháipéar seo mionstaidéar a dhéanamh ar an scéalaíocht mar a fheictear í ag feidhmiú i measc phobal traidisiúnta Gaeilge Chorca Dhuibhne. Tabharfar mionléiriú ar an leagan amach córasach atá ar chumadh agus ar láithriú na scéalaíochta mar a léirítear ar an scannán *Deireadh an Áil* (Feirtéar) iad. Is cuid de staidéar níos leithne é an staidéar seo agus is í an aidhm atá leis ná tábhacht na scéalaíochta mar chuid dhílis de shaol agus de chleachtas cultúrtha phobail thraidisiúnta Ghaeilge a léiriú. Tarraingeofar sa staidéar seo ar an bhforbairt atá déanta ag Hans-Georg Gadamer agus ag Paul Ricœur ar theoiric na hinsinte agus ar theoiric na heirméineotaice mar atá sé nochta ag Lillis Ó Laoire sa saothar *Ar Chreag i Lár na Farraige* (2002). Léifear an scannán mar théacs cultúrtha a eascraíonn as saol sóisialta laethúil phobal traidisiúnta Gaeilge Chorca Dhuibhne faoi sholas an chur chuige seo. Déanfar iarracht a léiriú sa pháipéar seo gur cleachtas iltoiseach, sofaisticiúil é cleachtas na scéalaíochta mar atá forbairt déanta uirthi i measc an phobail áirithe seo.

1. Comhthéacs stairiúil

De réir thuiscint Mhic Phiarais agus na náisiúnaithe a lean, ní raibh aon cheist ann ach gur náisiún lán de lucht léinn, de laochra, d'fhilí agus de cheardaithe iad na hÉireannaigh de bharr ar bhain a sinsir amach. Mar a mhíníonn de hÍde: “The Irish...were people with a past, and had a great past behind them” (luaite in Ó Conchubhair 21). Faoi thionchar tuairimí a shamhlaítear le Fichte, Humboldt agus Herder i dtaobh nádúr teanga, chreid náisiúnaithe cultúrtha nach raibh le déanamh acu ach teanga a athbheochan agus d'aimseofaí mianach na sinsear a d'imigh rompu. Creideadh gur iompair gach teanga a cló féin agus gur sa chló sin a lonnigh saoldearcadh sainiúil an náisiúin sin. De réir na tuisceana seo, níorbh fholáir don dream ar theastaigh uathu stádas mar náisiún neamhspleách a bhaint amach teanga dá gcuid féin a bheith acu. Creideadh nach bhféadfadh aon dream tabhairt faoi fheachtas náisiúntachta gan an teanga a bheith ina chroílár (Ó Conchubhair 13-50). Seo mar a mhíníonn Thomas Davis an scéal:

The language, which grows up with a people, is conformed to their organs, descriptive of the climate, constitution, and manners, mingles inseparably with their history and their soil, fitted beyond any other language to express their prevalent thoughts in the most natural and efficient way. To impose another language on such a people is to send their history adrift among the accidents of translation – 'tis to tear their identity from all places – 'tis to cut off the entail of feeling, and to separate the people from their forefathers by a deep gulf – 'tis to corrupt their very organs, and abridge their power of expression. (Ó Conchubhair 14)

Ba í an phríomhchúis leis an ndúghafacht le teanga, le traidisiún agus le cultúr phobail thraidisiúnta Ghaeilge, dar le Duddy, ná chun féiniúlacht mhuintir na hÉireann mar Ghaeil a athmhúscailt:

The main reason for the revivalist's predominant preoccupation with language, literature, sport, and the arts is easily determined. These are the chief media through which, from a revivalist point of view, a national consciousness or personality could be made to discover and celebrate itself [...]. Language, for one thing, is always originally national [...] not at all something abstractly universal, and therefore has to be prioritized for restoration to any people struggling to regain its distinctive identity and independence. (Duddy 14-15)

Trí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar chleachtais chultúrtha na nGael mar a raibh siad á gcleachtadh go fóill ag pobail thraidisúnta Ghaeilge in iarthar na hÉireann, bhraith athbheochanóirí náisiúnacha go bhféadfaí cás a dhéanamh ar son náisiún neamhspleách. Chuige sin, rinneadh staidéir eitneolaíochta a leag béim ar ábhar a bhailiú ó phobail thraidisiúnta Ghaeilge agus é a rangú.

Ar cheann de na pobail Ghaeltachta is mó ar tugadh urraim dóibh mar chuid de ghluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha in Éirinn tá pobal an Bhlascaoid Mhóir.⁴ “Daoine eisceachtúla ar leith” (“peculiarly interesting”) ab ea muintir an Oileáin, de réir an scríbhneora J.M. Synge (1871-1909) a thug cuairt orthu sa bhliain 1907 (283). “Laochra scéalta na nGael” (“heroes of Irish story”), a thugann an scoláire agus an file Sasanach Robert Flower (1881-1946) orthu (60).⁵ I measc na gcuairteoirí luath eile a mholann saibhreas teanga agus cumas scéalaíochta na n-oileánach tá Carl Marstrander, Brian Ó Ceallaigh, George Chambers, George Thomson, Máire Ní Chinnéide agus Kenneth Jackson.⁶ Mheall na cuairteoirí seo na hoidí teanga agus scéalaíochta a bhí acu ar an mBlascaod Mór lena gcuid scéalta a insint agus a aithris. Ar mhaithe le hábhar scríofa i nGaeilge a chur ar fáil dóibh siúd a bhí ag foghlaim Gaeilge, agus chun léargas a thabhairt ar thaithí saoil an phobail ar de iad, spreagadh na hoileánaigh chun cuimhní cinn agus dírbheathaisnéisí a scríobh. Idir 1928 agus 1939 tháinig trí scríbhneoir chun tosaigh – Tomás Ó Criomhthain, Peig Sayers agus Muiris

-
- 4 Bhí pobal cónaithe ar an mBlascaod Mór, an t-oileán is mó den oileánra amach ó chósta theas Chorca Dhuibhne, go dtí lár na 1950í. Iascairí a bhí sa phobal beag arbh í an Ghaeilge a dteanga laethúil. Ní raibh riamh níos mó ná dhá chéad duine ina gcónaí ar an oileán, iad ag braith ar a chéile le haghaidh comhludair agus comhair. I bhfocail an scoláire agus chuairteora chun an oileán George Thomson: “Each member of the crew knew that the others held his life in their hands. Solidarity was a condition of survival” (19).
 - 5 Déanann Máirín Nic Eoin plé cuimsitheach ar idéalú an chainteora dúchais mar ghné lárnach den náisiúnachas cultúrtha (15-20). Le haghaidh plé níos leithne ar an gceist seo agus ar an bhfealsúnacht a nocht D.P. Moran i leith na ceiste seo féach D.P. Moran (xix-xxxi).
 - 6 Tá cur síos cuimsitheach ag George Thomson ina leabhar *Island Home: The Blasket Heritage* (1988) ar an litríocht a scríobh muintir an Bhlascaoid. Tá tuairisc ag Muiris Mac Conghail ar an gcaidreamh a bhí idir na cuairteoirí agus scríbhneoirí an Bhlascaoid (*The Blaskets: A Kerry Island Library*, 1987). Le haghaidh plé níos cuimsithí ar ról na scoláirí ar shaothar Uí Chriomhthain féach Eastlake. Tá cuntas agus plé ar shaothar Uí Shuilleabháin le fáil in *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Ní Aimhirgín, 1983). Leagann Micheál De Mórdha a thuiscint féin ar charachtair na n-oileánach amach sa leabhar *Scéal agus Dán Oileáin* (2012). Pléann Máire Ní Chéilleachair ceisteanna a bhaineann le ‘tréigean’ an oileáin.

Ó Súilleabháin.⁷ Is mar shaothair eitneagrafaíochta nó antraipeolaíochta thar saothair litríochta is mó a moladh dírbheathaisnéisí na n-oileánach (féach Ó Tuama, Nic Eoin). Mar a aithníonn John Eastlake, is mar fhaisnéiseoirí in áit mar údair a tugadh aitheantas do scríbhneoirí an Bhlascaoid go traidisiúnta: “the author-subjects of the Basket texts have been read as passive informants rather than as active authors” (Eastlake 125). Is as easpa tuisceana ar phróiseas seachadtha an bhéaloidis a eascraíonn an léamh seo, dar le Eastlake: “this type of reading has been buttressed by a view that sees oral tradition as static rather than dynamic” (Eastlake 125).

Ag tarraingt ar idé-eolaíochtaí an eisintiúlachais, chreid scoláirí luath léinn an bhéaloidis gur cuireadh scéalta ar aghaidh ó ghlúin go glúin trí iad a aithris agus a fhoghlaim de ghlan mheabhair gan aon ról gníomhach a bheith ag an duine aonair. Mar a mhíníonn Ruth Finnegan:

The earlier model was often a somewhat passive one; stories pictured as coming down automatically irrespective of human agency. Insofar as the ‘traditor’ had a role, it was that of recalling items lodged in the memory through a generalized and non-culture-specific process. (115)

Is í an tuiscint a léiríonn Mícheál Ó Dúbhshláine i leith chleachtas scéalaíochta an Bhlascaoid Mhóir ná gur leis an bpobal i gcoitinne na scéalta: “Of course, there were stories. The long winter nights were shortened by stories, many which went back in the communal mind for generations” (68). Go stairiúil, mar sin, i gcás léann an bhéaloidis Ghaeilge is mar bhailiúchán iarsmaí phobail a bhain le ré réamh-nua-aimseartha, réamhthionsclaíoch a bhí ag cur fúthu i gceantair tuaithe ar leith, is mó a tuigeadh cleachtas chultúrtha na nGael.

Áitíonn Stiofán Ó Cadhla gur míthuiscint í seo ar an gcleachtas scéalaíochta agus go ndearna an mhí-thuiscint dochar don bhrí a bhain daoine as a dtaithe saoil féin in Éirinn:

Deineadh amach gurbh é a bhí ann ná cuimhní cinn a aithrisítear focal ar fhocal, de mheabhair ghlan, ó dhuine go duine ó thús go ceann cine... Ní hamháin nach bhfuil tuiscintí dá leithéid seo fíor ach is cúngú díobhálach ar fhéiniúlacht agus ar chultúr na Gaeilge iad. (26)

Níorbh é Ó Cadhla an chéad duine a nocht a thuairim i dtaobh na míthuisceana seo. In alt a foilsíodh ar *Feasta* 1950, léiríonn Máirtín Ó Cadhain a dhímheas i leith na míthreorach:

Is de bharr baladh na n-aiséadaigh agus na bhfeart uaibhéalta é: de bharr ‘an bás,’ ‘an bás ar sliobarna,’ ‘an bás sa spéir,’ a mothaítear i ngach áit dá mbíonn béaloideas agus léann Gaeilge ar siúl. (18)

7 Ba é Maidhc (File) Ó Guithín, a bhreac síos scéal a máthar, *Peig: A Scéal Féin* (1936), nó leagan de, óna hinsint bhéil. “It is difficult to decipher from the text who ‘wrote’ what,” a deir Muiris Mac Conghail (159). ‘Tá lámh Mhaidhc go trom ar an leabhar’, dar le Pádraig Ó Fiannachta.

Ontaíonn Anne O'Connor, a bhfuil taighde déanta aici ar staidéir eitneolaíochta a leagann béim ar bhailiú ábhair, go gcuireann an cineál sin taighde léirithe ar leith de phobal traidisiúnta Gaeilge chun cinn (81). Is éard atá i dtraidisiún ar bith, de réir O'Connor, ná catagóirí ar an struchtúr a chuireann daoine ar a dtaithe saoil: "all traditions are socially constructed categories within which people structure their experience" (97). Le blianta beaga anuas, d'fhone mionmhíniú a thabhairt ar an struchtúrú a dhéanann pobal ar a dtaithe saoil, agus tábhacht an phróisis don phobal a mheas, táthar ag tarraingt ar theoiricí ón antraipeolaíocht. Ar dhuine des na scoláire comhaimseartha a bhfuil staidéar á dhéanamh aige ar chleachtas phobail thraidisiúnta Gaeilge tá Lillis Ó Laoire. Ina shaothar *Ar Chreag i Lár na Farraige* díríonn Ó Laoire ar chleachtas beo na hamhránaíochta i measc phobal Oileán Thoraí amach ó chósta Dhún na nGall. In áit téacsanna a phlé mar earraí cultúrtha, mar a rinneadh i gcuid mhór den phlé ar an mbéaloideas go stairiúil, is ar an amhránaíocht mar phróiseas nó mar chleachtas cultúrtha a leagann Ó Laoire an bhéim. Ag glacadh taighde Uí Laoire mar phointe tagartha, bainfead úsáid as gnéithe den fhráma teoiriciúil céanna anseo. Tabharfar mionmhíniú ar an bpróiseas trína gcruthaíonn agus trína láithríonn daoine aonair i bpobal traidisiúnta Gaeilge an Bhlascaoid Mhóir gnéithe ar leith dá stair shóisialta. Déanfar soiléiriú ar an bhfráma teoiriciúil thíos. Ceadáíonn an taifead a rinne Breandán Feiritéar sa scannán faisnéise teilifíse *Deireadh an Áil: Na Blascaodaí Deireanacha, Fómhar 1995* (1996) [DÁ] ar theistiméireachtaí na ndaoine deireanacha a mhair ar an mBlascaod Mór dom an anailís seo a dhéanamh. Déanfar anailís anseo ar theistiméireacht oide amháin, Niamh Uí Laoithe. Tabharfar léargas ar an ról gníomhach a ghlacann sí i gcumadh, i gcaomhnú agus i láithriú cuimhní a bhaineann le haistriú a muintire ón mBlascaod Mór go dtí míntír Chorca Dhuibhne. Féachfaidh mé freisin le léargas a thabhairt ar conas mar a thacaíonn léiritheoir agus stiúrthóir an scannáin, Breandán Feiritéar, le teistiméireacht Uí Laoithe trí úsáid a bhaint as ábhar cartlainne físe agus fuaimne. Léireofar gur comhoibriú idir dhaoine agus ghrúpaí éagsúla atá in DÁ, mar is gnách le saothar scannánaíochta. Tarraingeofar aird ar leith anseo ar ról na bpáirtithe éagsúla i ndéanamh an scannáin agus léireofar dá réir údarás an scéalaí, nó an duine aonair, i dtraidisiún scéalaíochta phobal traidisiúnta Gaeilge amháin.

2. Cur chuige teoiriciúil

Is bunaithe ar fhealsúnacht Martin Heidegger (1889-1976) atá heirméineotaic an chultúir mar a mhíníonn Hans-Georg Gadamer agus Paul Ricœur í. De réir fhealsúnacht Heidegger ní athléiriú oibiachtúil ar an domhan ná ar an taithe saoil atá in aon shaothar cruthaitheach ach léiriú suibiachtúil ar iarracht an duine a thaithe saoil a mhíniú:

[...] the artistic structure is created out of the "intellectual struggle" of the artist. The presentation is *his* competent achievement. This becomes the "expression" of his "personality," which "lives itself out" in the presentation and "frees itself from its storm of emotion" (131). [Is le Heidegger an cló iodálach agus na comharthaí athfhriotail.]

Múineann Bourdieu dúinn gur scaradh bréagach atá san idirdhealú a shamhlaítear idir léirithe “oibiachtúla” agus léirithe “suibiachtúla” (Jenkins 27-31). Áitíonn Dilthey gur in urlabhra dhuine a fhaightear an láithriú is iomláine ar a shaol inmheánach agus ar na tuiscintí a bhíonn aige ar a thaithí saoil: “Language is the most complete expression of another’s inner life” (luaite in Schmidt 11). Nochtann Gadamer an tuiscint chéanna nuair a deir sé: “Being can be understood i[n] language” (luaite in Schmidt 8). Anuas ar an léiriú suibiachtúil ar a thaithí saoil a nochtann duine, áitíonn Blommaert agus Verschueren go léirítear sa teanga a labhraíonn sé na tréithe ar leith atá ag an bpobal ar de an duine chun dul i ngleic leis an saol. De réir na tuisceana seo, is féidir pobal a aithint ar an teanga a labhraíonn siad: “Language assumes the character of a clear identity marker” (192). I gcásanna ar leith, a deir Blommaert agus Verschueren creidtear nach gá aon tréith eile thairis an teanga chun grúpa a aithint, “In some cases, language is offered as the only distinctive trait of a “group”; others are not really needed, since a distinctive language is predictive of a distinct group identity” (193).

Aithníonn Kroskity in *Telling Stories in the Face of Danger* (2012), áfach, go bhfuil tábhacht, ní amháin le teanga pobail ach, leis na cleachtais a bhaineann leis an bpobal. Tuigtear dó gur i gcleachtais shiombalacha phobail bhundúchasacha Mheiriceá, mar shampla, agus ina dtraidisiúin chruthaitheacha bhéil is fearr a fhaightear léargas ar na pobail sin:

In the context of many Native American societies, some of the most important forms of cultural reproduction occur in acts of tribal, ethnic, and clan identity making ... symbolic guides to members of these distinctive cultures and their preferred medium of verbal artistic expression. (4-5) [Is liomsa an cló iodálach]

Ag eascairt as seo, d’fhéadfá a áiteamh go gcruthaíonn, agus go hathchruthaíonn, an duine atá beo in áit ar leith ag am ar leith struchtúir, siombailí agus frámaí tagartha dó féin. Tagann an tuiscint seo le fealsúnacht Heidegger a thugann, mar a mhíníonn Ó Laoire

tús áite don ointeolaíocht (*ways of being*) thar an eipistéimeolaíocht (*ways of knowing*), agus dá thoradh sin, a chuireas an fheiniméaneolaíocht (scrúdú ar an dóigh a gcuireann an duine a thaithí ar an saol in iúl) chun tosaigh mar sheasamh i leith an léinn (43).

Tarraingíonn Ó Laoire aird ar na focail Ghaeilge “bheith ann” a nochtann an tuiscint chéanna ar bhealach chun tuiscint a fháil ar thaithí saoil (58). Tugann Gadamer “ciorcal bíseach na heirméineotaice” ar phróiseas leanúnach an *Dasein* bheith sa tóir ar bhrí na beatha, teacht ar thuiscint, an tuiscint a láithriú agus tosú arís ar an tóraíocht (luaite in Ó Laoire 43). Míníonn Bakhtin, áfach, nach i bhfolús a chruthaíonn nó a chuireann duine a thuiscintí ar a thaithí saoil i láthair. Tá gach léiriú ag brath, a deir sé, ar na léirithe atá tugtha aige féin, agus ag daoine eile ina thimpeall, roimhe sin:

[any verbal performance] inevitably orients itself with respect to previous performances in the same sphere, both those by the same author and those by other authors, originating and functioning as part of a social dialogue. (luaite in Woods 3)

D'fhonn teacht ar léargais nua ar a thaithí saoil, tarraingíonn an *Dasein*, nó an t-ealaíontóir, ar dtús ar scéalta, ar insintí agus ar léirithe cruthaitheacha *Dasein* eile atá curtha in iúl trí theanga, trí struchtúir, trí shombailí, trí fhrámaí tagartha, trí láithriú de chineál ar bith a dhéanann an *Dasein*. Is iad na taibhléirithe seo a chabhraíonn leis an duine dul i ngleic le dúshláin laethúla an tsaoil agus tuiscint a fháil ar an taithí sin. Cabhraíonn siad leis freisin na léargais sin a chur in iúl do dhaoine mórtimpeall air agus iad a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. De réir thuiscint Bakhtin, gníomh sóisialta idirghníomhach, nó dialóg, is ea an láithriú béil a dhéanann duine. Is mar chuid de dhialóg sóisialta a chruthaítear insint agus is mar chuid de dhíológ sóisialta a fheidhmíonn sí, “its actual meaning is understood against the background of other concrete utterances on the same theme, a background made up of contradictory opinions, points of view, and value judgements” (Bakhtin luaite in Lemke 23).

De réir na tuisceana seo mar sin, is é an suíomh sóisialta – an cultúr, an comhthéacs sochstairiúil agus an comhthéacs polaitíochta ina fheidhmíonn teanga – a mhúnlaíonn urlabhra duine: “the immediated social situation and the broader social milieu wholly determine-and determine from within, so to speak-the structure of an utterance (luaite in Clark agus Holquist 215).” Tugann Bourdieu *páirc* nó *páirc shóisialta* (“field,” “social field”) ar an suíomh sóisialta ina dtiteann dialóga amach. Ar an bpáirc seo, tarlaíonn coimhlint agus idirbheartaíocht a eascraíonn as rochtain a fháil ar acmhainní cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta. Baineann rialacha agus struchtúir ar leith le gach páirc ag braith ar na hacmhainní atá ar fáil. Tarlaíonn idirbheartaíocht laistigh d’aon pháirc ar leith agus déantar idirghníomhaíocht idir páirceanna éagsúla.⁸ Múnlaítear nó déantar sóisialú ar dhuine de réir na páirce nó an shuíomh shóisialta ina maireann sé. Braitheann urlabhra, agus mar a thuigtear urlabhra, ar an áit ina fheidhmíonn duine agus ar na saintréithe agus ar an gcruinneshamhail a ndéanann sé ionchollú orthu mar chuid den phróiseas sóisialaithe. De réir na tuisceana seo:

we are taking language not as a system of abstract grammatical categories, but rather language conceived as ideologically saturated, language as a world view, even as a concrete opinion, ensuring a maximum of mutual understanding in all spheres of ideological life. (Jenkins 271)

Sa staidéar a dhéanann sé ar an nGaeilge i gcomhthéacs cheisteanna idé-eolaíochta agus cumhachta an fhichiú aois, aithníonn Caoimhghin Ó Croidhéain an hibrideacht seo a bhaineann le coincheap na teanga:

It [language] is the vehicle and medium through which we organise thought and communication. Yet, language is also a social phenomenon. We are all socialised through

8 Seo mar a mhíníonn Bourdieu atá i gceist aige le coincheap na páirce: “I define a field as a network, or a configuration, of objective relations between positions objectively defined, in their existence and in the determinations they impose upon their occupants, agents or institutions, by their present and potential situation [...] in the structure of the distribution of power (or capital) whose possession commands access to the specific profits that are at stake in the field, as well as by their objective relation to other positions” (luaite in Jenkins 85).

language [...]. Language can be used as an instrument of control in a society with unequal distribution of scarce resources. Language can be manipulated and its meaning distorted. (Ó Croidheáin 17)

Mar a mhíníonn Ó Croidheáin anseo é, is uirlis í an teanga, uirlis a ligeann don duine eagar a chur ar a thuairimí ar an gcéad dul síos agus na tuairimí sin a roinnt le duine nó le daoine eile. D'áiteoinn gur féidir páirc shóisialta a thabhairt ar TG4, áit a ndéantar idirbheartaíocht ar thuiscintí i leith na Gaeilge, i leith chultúir na Gaeilge agus i leith phobail na Gaeilge. Ar lámh amháin, cuireann scannánóirí tuiscintí a bhíonn acu ar a dtaithí saoil, bunaithe ar chruinneshamhail agus ar idé-eolaíochtaí atá sealbhaithe acu, i láthair. Ar an lámh eile, tagann daoine ar thuiscintí nua ar a dtaithí saoil féin trí teagmháil le léirithe dhaoine eile ar a dtuiscintí nua, tuiscintí a ndéantar a láithriú trí mheán na scannánaíochta sa chás seo. Dialóg nó cumarsáid leanúnach atá sa phróiseas seo.

Mar a mheabhraíonn Ricœur dúinn, is í an chuimhne an t-aon bhealach atá againn chun taifead a choinneáil ar an gcumarsáid, agus ar an idirbheartaíocht atá mar ghné lárnach de, a tharla san aimsir chaite: “we have no other resource, concerning our reference to the past, except memory itself [...]” (21). Ach, mar a mhíníonn Harold Pinter, tá níos mó i gceist ná cuimhne a choinneáil ar fhíricí. Tá tuiscintí an duine aonair óna thaobh féin den eachtra le cur san áireamh freisin: “The past is what you remember, imagine you remember, convince yourself you remember, or pretend to remember” (Adler 462, athluaite in Lowenthal 193). Ar an ábhar sin, ní hí an insint chéanna a bheadh ag aon bheirt ar an eachtra céanna. Go deimhin, is iad na hinsintí éagsúla seo a spreagann daoine chun a dtuiscintí ar a dtaithí saoil a mhalartú. Is mar thoradh ar an gcumarsáid seo, a mhíníonn Gadamer, a thagaimid ar thuiscintí nua, “a conversation does not simply carry one person’s opinion through against another’s, or even simply add one opinion to another. Conversation transforms the viewpoint of both” (Gadamer 96).

Is iad na hinsintí suibichtúla seo, an malartú a dhéantar orthu agus an comhthuiscint ar a dtagann daoine de thairbhe na gcumarsáide seo a cheadaíonn do dhaoine oibriú le chéile mar phobal. Trí ghrinnstaidéar a dhéanamh ar theistiméireacht ball amháin de phobal traidisiúnta Gaeilge Chorca Dhuibhne, Niamh Uí Laoithe, mar a léirítear sa scannán faisnéise teilifíse *DÁ* é, tá súil agam teacht ar thuiscint nua ar an bpróiseas sealbhaithe, seachadta agus taibhléirithe a chleachtann pobal traidisiúnta Gaeilge Chorca Dhuibhne trí mheán na scéalaíochta. D’fhonn teacht ar an tuiscint seo, tabharfaidh mé mionmhíniú i dtosach ar an léargas a thugann Uí Laoithe agus Feiritéar dúinn ar conas mar ar shealbhaigh Uí Laoithe tuiscintí a muintire ar a dtaithí saoil. Ina dhiaidh sin, trí ghrinnstaidéar a dhéanamh ar thaibhléiriú Uí Laoithe, déanfaidh mé iarracht teacht ar thuiscint ar an machnamh a dhéanann Uí Laoithe ar a taithí saoil féin i bhfianaise thaibhléirithe a muintire. Ar deireadh, tabharfaidh mé tuairisc ar an tuiscint nua a léiríonn Uí Laoithe, nó ar an gcuid di atá sí sásta cur in iúl sa spás poiblí a sholáthraíonn Breandán Feiritéar agus TG4 di.

3. Cás staidéir

Scannán faisnéise teilifíse 40 nóiméad is ea *DÁ*. Is é Breandán Feiritéar, as Corca Dhuibhne, “duine de na léiritheoirí faisnéise is dílse don traidisiún dúchais Gaeltachta le daichead bliain” de réir ábhar poiblíochta TG4 (2012), a léirigh an scannán. Déantar taifead ann ar chuimhní na ndaoine deireanacha a chónaigh ar an mBlascaod Mór, a d’aistrigh amach go dtí Corca Dhuibhne agus a bhí fós ar marthain i 1995. D’aistrigh na háitritheoirí deireanacha ón oileán go dtí an mhíntír i lár na 1950í. Is é an dearcadh oifigiúil ná go raibh muintir an Bhlascaoid míshuaimhneach agus gur theastaigh uathu aistriú amach: “By the 1940’s the islanders were anxious to leave the island and go to live on the mainland” (Ní Chéilleachair 96). Is ar Radio Telefís Éireann (RTÉ) i mí Aibreán 1996 a craoladh an scannán *DÁ* ar dtús. I bhFómhar 2012, mar cheiliúradh ar shaothar saoil Feiritéir, rinne TG4 athchraoladh ar rogha scannán dá chuid, *DÁ* ina measc. Is éard atá sna hagallaimh a chuireann Feiritéar i láthair ná teistiméireachtaí triúr fear agus beirt bhan a chaith tréimhse dá saoil ar an oileán. Tá siad anois ag cuimhneamh siar ar an am sin agus ar na cúiseanna ar fhág siad agus a muintir an t-oileán. Tarraingíonn Feiritéar ar ábhar físe, ar ábhar fuaime agus ar ghrianghraif ó chartlanna profisiúnta agus amaitéara chun tacú leis na teistiméireachtaí agus chun cur leo. Díreofar sa staidéar seo ar theistiméireacht Niamh Uí Laoithe mar is di a thugann Feiritéar tús áite sa scannán.

Is í Uí Laoithe (1937-) an chéad duine de na faisnéiseoirí a labhraíonn ar *DÁ*. Ní bhaineann Feiritéar úsáid as fortheideal ach ligeann sé di í féin a chur i láthair. Sa ghearragallamh a cuirtear i láthair roimh chraoladh TG4 den scannán, míníonn Feiritéar go bhfuil sé ag iarraidh údarás a thabhairt do mhuintir an Bhlascaoid ar a scéal féin, “go labharaidís siúd, na daoine deireanacha ar an stocán mara so, deireadh an áil más maith leat, go gcloisimís an scéal deireanach uathu” (*DÁ*). Is ábhar spéise an mhír d’agallamh Uí Laoithe a roghnaíonn Feiritéar le cur amach chun tosaigh sa scannán:

Rugadh mise in Aibreán 1937. Ba é Tomás Ó Criomhthain m’athair críonna. Cailleadh é i dtosach an Mháirta. Is dóigh liom gurb é an seachtú lá de Mháirta 1937. A mhac Seán m’athair. Mo mháthair, beanchéile sin, Lís Ní Shúilleabháin. Agus iníon de Sheán Mhicil. Ach, cuimhin liom go ndúirt mo mháthair liom go dtugas cúpla lá ar scoil sara ndún sí, ar scoil an oileáin. (00:07:20-00:07:38)

Is léir ón gcinneadh a ghlacann sé Uí Laoithe a chur i láthair den chéad uair agus í ag aithris a ginealaigh, go bhfuil Feiritéar ag iarraidh údarás Uí Laoithe, mar scéalaí a chinntiú.⁹ Níos tábhachtaí ná a hainm baiste (is sna creidiúntaí ag deireadh an scannáin a fhaighimid ainm baiste agus ainm pósta Uí Laoithe), tá an gaol fola. Fógraíonn Uí Laoithe a gaol gairid le Tomás Ó Criomhthain (1856-1937), údar *An tOileánach* (1929). Leis na focail neamhurchóideacha i gcosúlacht atá luaite anseo,

9 Is ábhar spéise freisin go leagann Feiritéar a cheangal féin le Gaeil thábhachta an oileáin amach sa ghearragallamh a craoladh roimh an scannán ar TG4: “is dream é a rabhas ana mhór leo agus mé ag fás aníos mar a deir siad, dul ar scoil le cuid acu agus mar sin do” (*DÁ*).

éiríonn le Uí Laoithe a stádás agus a tábhacht mar oileánach a raibh gaol aici le duine de “scríbhneoirí móra”¹⁰ an oileáin a chur chun tosaigh. Leis na focail seo cinntíonn Uí Laoithe a húdarás chun labhairt ar an ábhar. Gné an-traidisiúnta de chleachtas cultúrtha na nGael is ea aithris na ngeinealach. Tugann R.V. Comerford le fios gur ionann ginealaigh duine a aithris agus a rá nach duine den chosmhuintir é, is é sin, go mbaineann sé/sí leis an uasaicme, “to have any kind of genealogical tree was to belong to the aristocracy and to be set apart from the common people” (4).

Anuas ar eolas i dtaobh an stádais a bhí ag sinsir duine, tugtar eolas mar gheall ar a stádás reatha, “Genealogy expresses present status as much as past kinship” (Charles-Edwards 124). Tugtar le fios go mbaineann an té a ndéantar a ghinealaigh a aithris le fine ar leith, le grúpa eitneach ar leith, le haicme shocheachnamaíoch ar leith nó le grúpa saoránach ar leith. Trí oidhreacht phearsanta duine a ríomh tugtar leanúnachas do threabh nó do theaghlach áirithe:

[...] a personal heritage normally includes one’s family and sense of continuity through ancestry, via one’s birthright as a member of a kinship network, ethnic group, socio-economic class, and citizenry. Ancestral pasts thus live very much in the present for individuals. (Timothy agus Guelke 1)

Baineadh úsáid as aithris na ngeinealach, mar sin, chun cuimhne a choinneáil ar conas mar ar cuireadh eagar ar ghabháltais ar leith de réir theaghlach. Baineadh úsáid as an gcleachtas seo freisin chun teacht ar chomhaontú i dtaobh comharbais laistigh de fhinte ar leith:

The tradition of genealogical knowledge, or *seanchas*, that was so important to the organization of landholding and succession within the kin group was joined to a narrative of descent that stretched back from Míl Espaine, or Milesius of Spain, to Noah and to Adam. (Nash 4)

Mar a mhínítear i gcuntas An Choimisiúin Eorpach ar *Chinn Scríbe Barr Feabhais na hEorpa*, dearbhaíonn an gné traidisiúnta seo den oidhreacht dholáimsithe cearta éagsúla, cineál seilbhe atá i gceist:

Cabhraíonn an oidhreacht bheo nó an oidhreacht ‘dholáimhsithe’ seo le daoine a thabhairt níos cóngaraí don chomhphobal ina bhfuil cónaí orthu chun go mbrathfadh siad go bhfuil féiniúlacht agus leanúnachais áirithe acu. (An Coimisiún Eorpach 2008)

Trí a seanathair, Thomás Ó Criomhthain, a thabhairt chun cuimhne anseo, tá Uí Laoithe ag glacadh seilbhe ar a hoidhreacht liteartha agus ar an stádás a bhronnann an oidhreacht sin uirthi. Aithnítear go forleathan gur chuir scoláirí a thug cuairt ar an mBlascaod Mór, go háirithe Carl Marstrander agus Brian Ó Ceallaigh, an comhthéacs

10 Tugtar “na scríbhneoirí móra” ar Thomás Ó Criomhthain, ar Mhuiris Ó Súilleabháin agus ar Pheig Sayers de bharr a gcuid dírbheathaisnéisí liteartha. Cé gurbh é an leabhrán beag *Mí dem’ shaol* (1918) le Bríghid Stac an chéad saothar ag cur síos ar shaol mhuintir an Bhlascaoid, dár le Nic Eoin (63), ba é Tomás Ó Criomhthain “an ceannródaí i ndáiríre agus lean Muiris Ó Súilleabháin agus Peig Sayers a shampla” (Nic Eoin 63). Tugann Nic Eoin “na tosaitheoirí” ar na scríbhneoirí seo a bhí ina gcónaí go fóill ar an mBlascaod Mór nuair a scríobh siad faoin a dtaití saoil ann (Nic Eoin 94).

agus an spreagadh ar fáil a lig don Criomhthaineach a leabhar a scríobh. Ach, léiríonn John Eastlake na hiarrachtaí a dhéanann Ó Criomhthain an ról gníomhach a bhí aige féin i gcumadh, i gcaomhnú agus i seachadh thraidisiún a mhuintire a chur chun tosaigh, “[Ó Criomhthain] has written himself as a writer, asserted his agency in the text, and laid claim to both the inheritance of the oral tradition and to a new tradition of written literature” (138).

Is amhlaidh atá á dhéanamh ag Uí Laoithe anseo. Tuigeann sí go bhfuil meas forleathan ar leabhar a seanathar. Tuigeann sí freisin, de bharr é a bheith ar churaclam na hArdteistiméireachta in Éirinn agus toisc é a bheith aistrithe go Béarla agus go teangacha eile nach é, gur tríd an leabhar sin a chuireann go leor “strainséirí” aithne ar an mBlascaod Mór agus ar mhuintir an Bhlascaoid. Tá Uí Laoithe ag iarraidh teacht i dtír ar an muinín a gcuirfí inti de bharr an ghaoil atá aici le húdar leabhar mór an Bhlascaoid.

Ní leor do Uí Laoithe stádas a seanathar chun a stádas mar údáir ar sheanchas an Bhlascaoid a chruthú. Tugann sí a hathair Seán Ó Criomhthain chun cuimhne freisin. Áirítear Sean Ó Criomhthain mar dhuine de scríbhneoirí an Bhlascaoid den dara glúin¹¹ agus tá stádas aige i measc a mhuintire féin de thairbhe a scileanna. Ansin, luann Uí Laoithe a máthair Lís Ní Shúilleabháin. Sna ginealaigh a scríobhadh síos, ba iad ainmneacha na bhfear amháin a coinníodh cuntas orthu go hiondúil. Go deimhin, is ábhar iontais do Simms é nuair a luaitear ainmneacha máithreacha prionsaí ar leith: “Certain versions *even* include information about the mothers of the various princes” (43) (Is liomsa an cló iodálach). Tugann Kenneth Nicholls le fios freisin nár scríobhadh síos cuntas na mban agus na ginealaigh á n-aithris. Ach, a deir sé, tá roinnt fianaise ann go ndéantaí eolas i dtaobh ginealach na mban a aithris os ard:

If the names of mothers, however, were seldom entered in the written genealogies, this does not necessarily mean that they were forgotten or ignored. There is evidence that in some cases they may have been present in oral tradition, and this raises an interesting point as to the extent to which the bare line of the written patrilineal genealogy operated as a framework to be fleshed out by oral tradition, for which it would provide a series of fixed points of reference. (156)

Déanann Uí Laoithe aithris ar a fine máthartha anseo, ag insint gur iníon Sheán Mhicil, scéalaí aitheanta eile sa cheantar í a máthair Lís. Thacódh sé seo le tuairim Nicholls ach theastódh staidéar níos leithne chun fáil amach cé chomh coitianta is a bhí an nós seo. Is í an tábhacht atá le haithris a fine máthartha i dtéarmaí an staidéir seo ná go bhfuil Uí Laoithe ag meabhrú dúinn údarás a máthar mar scéalaí. Cé gur

11 Ar na príomhscríbhneoirí a tháinig “i ndiaidh na dtosaitheoirí,” an chéad ghlúin de scríbhneoirí Chorca Dhuibhne, áiríonn Nic Eoin Seán Ó Criomhthain, Mícheál Ó Guithín, Seán Sheáin Í Chearnaigh, Pádraig Ua Maoileoin agus Mícheál Ó Súilleabháin (Nic Eoin 94). Is é leabhar Sheáin Uí Chriomhthain, *Lá dár saol* (1969), “an chéad saothar dírbheathaisnéise a bhaineann go dlúth leis an saol nua-aimseartha,” dár le Nic Eoin (94).

ar a fine athartha a leagann Feiritéar an bhéim, mar a léireofar thíos, tá a insint féin ag Uí Laoithe ar a taithí saoil mar iníon oileánaigh.

Chun tacú le cur i láthair Uí Laoithe, taispeánann Feiritéar grianghraif chartlainne dhubha agus bhána de Thomás Ó Criomhthain agus a mhac Seán (1898-1975), athair Uí Laoithe. Freisin, seineann sé mír fuaime de Sheán Ó Criomhthain ag insint mar ar fhoghlaim a athair léamh agus scríobh na Gaeilge:

... níor dh'fhoghlaim sé litreacha na Gaolainne ariamh ar scoil. Béarla ar fad a bhí aige. Bhí daoine muinteartha i nDún Chaoin aige ... Ansan a dh'fhanadh Tomás nuair a bheireadh amuigh air, dh'fhanadh sé sa tigh sin. Bhí fear ansan agus ana scoláire Gaolainne ab ea é, Seán Ó Muircheartaigh ... Agus is uaidh sin a fuair m'athair an chéad tosnú. (00:10:53-00:11:24)

Is éard atá sna grianghraif agus sa mhír fuaime seo ná léirithe cruthaitheacha, nó samplaí de thaibhléirithe ar thaithí saoil, atá ar fáil do Uí Laoithe. Trí bhlaiseadh den scéal seo mar ar insíodh é, ligeann Feiritéar don lucht féachana blaiseadh den chleachtas scéalaíochta a bheadh cloiste ag Uí Laoithe. Leanann Uí Laoithe uirthi ag tabhairt sinsearachta a máthar: “Mo mháthair, bean chéile [Shéain Uí Chriomhthain] Lís Ní Shúilleabháin. Iníon do Sheán Mhicil ...” (00:07:39 – 00:07:47). D'fhág Lís Ní Shúilleabháin a hoidhreacht liteartha féin sna litreacha a scríobh sí chuig an scoláire George Chambers (1928-1997) a thug cuairt ar an mBlascaod Mór i 1931 agus arís i 1938, “Bhí mo mháthair féin tosnaithe ag scríobh go dtí George Chambers. Ó 1931 anuas bhí sí ag scríobh chuige, suas go dtí's na seascaid!” (00:07:39-00:10:09).

Chun tacú leis an gcuntas seo, cuireann Uí Laoithe i láthair sliocht as litir a scríobh a máthair chuig Chambers. Sa litir cuireann Ní Shúilleabháin síos ar an uair dheireanach a tháinig a muintir ar fad le chéile ar an oileán:

Bhí sé cuibhseach déanach sa tráthnóna tar éis a dó nuair a dh'fhágamar Cuan an Daingin i naibí,* mar a ghlaoidimid air. Ba thruamhéileach an radharc a bhí le feiscint romhainn. Chuamar suas cruinn díreach go dtí na Súilleabhánaigh, na “*light keepers*”** a thugaimid orthu anois mar is iad na daoine déanacha ar an gcarraig iad. Bhí gol agus gáirí agus tae againn le chéile ach laistigh de uair a chloig bhí orainn imeacht. Dh'fhágamar slán acu go brónach. An uair dheireanach ar an oileán againn le chéile. (00:33:52-00:34:27) [*Bád beag le caibín, inneal agus roth stiúrtha. **I mBéarla ag Uí Laoithe].

I litir Ní Shúilleabháin faightear léargas ar an mbrón agus ar an mbriseadh croí a bhraith sí nuair a thuig sí nach mbeadh an chlann ar fad le chéile riamh arís ar an oileán. Is í teachtaireacht lárnach Ní Shúilleabháin sa sliocht a roghnaíonn Uí Laoithe le haithris anseo ná gur daoine buanseasmhacha cróga iad a sinsear, daoine a d'fhan ar an oileán ag tabhairt treorach dá bpobal in ainneoin sceirdiúlacht na háite agus na himeachta dhosheachanta a bhí rompu. Tarraingíonn Ní Shúilleabháin ar mheafar an teach solais chun a teachtaireacht a chur i láthair. Cé gur i mBéarla a scríobh Ní Shúilleabháin an litir chuig Chambers, is i nGaeilge a chuireann Uí Laoithe i láthair anseo í, ach go gcoinníonn sí na focail “*light keepers*.” Trí úsáid an chódmhalartaithe, agus na focail “*light keepers*” a fhágáil i mBéarla, tá Uí Laoithe ag

tarraingt airde ar mheafar an teach solais a bhí in úsáid ag a máthair.¹² Is é an rud is tábhachtaí i dtaobh an stáidéir seo ná cinneadh Uí Laoithe an sliocht as an litir a aithris i nGaeilge in áit í a léamh sa Bhéarla inar scríobhadh í. Is mar cheantar eiseamláireach idéalach a cuireadh Corca Dhuibhne, go háirithe na Blascaoidí, i láthair ó aimsir na hathbheochana i leith. Ba í an chúis a bhí leis seo ná mar ba leo fós teanga agus oidhreacht na nGael, dar le náisiúnaigh ar nós Phádraig Mhic Phiarias agus Eoin Mhic Néill.¹³ Is léir ón gcinneadh a dhéanann sí an litir a aithris i nGaeilge go dtuigeann Uí Laoithe an luach cultúrtha agus eacnamaíochta a bhaineann leis an íomhá de Chorca Dhuibhne mar cheantar íonghlaineacht teanga agus cultúir. Ag tarraingt ar choincheap Bourdieu (1973), d'fhéadfá caipiteal cultúrtha ("cultural capital") a thabhairt ar theanga sa chomhthéacs seo.¹⁴ D'áiteoinn gur mar iarracht ar an íomhá seo a chaomhnú a aistríonn Uí Laoithe an litir go Gaeilge.

Le linn a teistiméireachta, tagraíonn Uí Laoithe do chuimhní agus do theistiméireachtaí scríofa agus béil a máthar, a hathar, a seanathar agus dhaoine muinteartha eile. Tagraíonn sí do na cuimhní seo le focail ar nós "... cuimhin go ndúirt mo mháthair liom ..." (00:07:47-00:07:52) nó "Bhíodh sé ag caint linn i gcónaí ar an oileán agus ar an saol istigh" (00:10:43-00:10:48). Cuireann Feiritéar scannán dubh agus bán ó chartlanna proifisiúnta agus amaitéaracha le cuntas Uí Laoithe. Leis seo cuireann sé scannán daite nua-thaifeadtha de Uí Laoithe ag spaisteoireacht i measc fhothracha an oileáin. Tugann an meascán seo de scannán cartlainne agus scannán comhaimseartha dhá phointe chun chuimhne. Ar an gcéad dul síos, chomh maith le taifid scríofa agus bhéil de shaol na n-oileánach, meabhraíonn Feiritéar dúinn go raibh taifid fhíseacha ar fáil do Uí Laoithe. Tharraing Uí Laoithe ar na taifid seo chun múnú a dhéanamh ar a cuid tuiscintí féin ar shaol an oileáin. Anuas ar sin, tá Feiritéar ag tarraingt airde ar thaithí pearsanta Uí Laoithe, ar na cuairteanna a thugann Uí Laoithe ar an mBlascaod Mór anois agus í ina duine fásta agus an t-oileán tréigthe.

4. Conclúid

Gné lárnach den fhealsúnacht a chraobhscaoil Mac Piarais, agus a spreag ceannairí 1916 chun gnímh, ab ea an tuiscint go bhféadfaí Éire agus a pobal a fhuascailt ón nua-aoiseacht, ó aois an réasúin, agus, dá réir, ón mBreatain, ach, a bheith sásta bás a fháil ar a son. Ina chuid scríbhneoireachta, léirigh Mac Piarais pobail thraidisiúnta Ghaeilge ar imeall-bhoird iarthar na hÉireann mar mhúnla bharántúil ghlan d'Éirinn fhíorGhaelach. Sna blianta a lean 1916, rinneadh staidéar agus rangú ar theanga

12 Ceal spáis ní dhéanfar ceisteanna a bhaineann leis an gcódmhalartú a chíoradh anseo. Le haghaidh tuilleadh plé ar chódmhalartú féach Ní Laoire.

13 Ba iad Eoin Mac Néill agus Dubhghlás de hÍde a bhunaigh Conradh na Gaeilge ar an 31 Iúil 1893. Is í príomhaidhm an Chonartha ná "an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáththeanga na hÉireann" (Conradh na Gaeilge).

14 Chun tuiscint níos iomláine a fháil ar an gcoincheap seo féach Jenkins.

agus ar insintí pobail thraidisiúnta Ghaeilge. Cuireadh tuiscint shamhlaíochta dá gcultúr, go háirithe dá gcleachtas scéalaíochta, chun cinn.

Trí staidéar a dhéanamh ar theistiméireachtaí mhuintir an Bhlascaoid mar a chuirtear in iúl ar scannán iad agus sinn ag druidim i dtreo 2016, áitím gur féidir teacht ar thuiscint nua ar an scéalaíocht mar chleachtas cultúrtha. Trí mhionmhíniú a thabhairt ar theistiméireacht Blascaodach amháin is féidir léargas a fháil ar chastachtaí chleachtais an chultúir agus an traidisiúin agus ar an léiriú físiúil a dhéantar orthu ar scannáin fhaisnéise theilifíse Ghaeilge. Trí tharraingt ar insintí ó ghlúin éagsúla, insintí béil agus scríofa, tugann Uí Laoithe léargas dúinn ar an úsáid a bhaineann sí féin as an scéalaíocht mar chleachtas chun cabhrú léi tuiscint a fháil ar a taithí saoil. Tarraingíonn sí ar pheirspeictíochtaí éagsúla ó fhoinsí éagsúla chun teacht ar a tuiscint fhéin. Léiríonn mionmhíniú ar litir Lís Uí Shúilleabháin go lígeann Uí Laoithe do chuimhní áirithe dul i gcion ar a chéile. Anuas ar sin, léiríonn sé an tuiscint atá aici ar an idirbheartaíocht atá mar chuid dlíis de láithriú cultúir i spás poiblí. De thairbhe an chleachtais seo, agus mar dhuine a raibh ceangal láidir aice leis an oileán ach a chaith formhór a saoil taobh amuigh dó, tagann Uí Laoithe ar a tuiscint shuibhachtúil féin ar “thréigean” an oileáin. Tacaíonn na cinní eagarthóireachta a dhéanann Feiritéar le hinsint Uí Laoithe agus cuireann sé léi. Trí tharraingt ar ábhar cartlainne físe agus fuaimne, scríofa agus béil, léiríonn Feiritéar ar lámh amháin go bhfuil tuiscint an duine muinteartha aige ar chultúr agus ar thraidisiún scéalaíochta mhuintir an Bhlascaoid ach ar an lámh eile go bhfuil teacht aige ar insintí eile a cruthaíodh taobh amuigh den oileán. Is léargas ar leith é *DÁ* ar chleachtas cultúrtha na scéalaíochta i gCorca Dhuibhne agus ar an bpobal ar de iad ag tréimhse a raibh an pobal ag scarúint óna chéile. Sílim gurb é atá léirithe ag an saothar seo, nach cuimhní cinn a aithrisítear de ghlanmheabhar atá i dtraidisiún scéalaíochta na nGael mar a samhlaíodh do Mac Piarais agus mar a cuireadh in iúl i léann an Bhéaloidis go traidisiúnta é, ach gur cleachtas iltoiseach, ilghnéitheach é a ndearcann mórán daoine air mar riachtanas bunúsach de chuid na daonnachta.

Liosta Léitheoireachta

Adler, Thomas P. “Pinter’s *Night*: A Stroll Down Memory Lane.” *Modern Drama* 17.4 (1974): 461-465.

An Coimisiún Eorpach. “Eden – Cinn Scríbe Barr Feabhais na hEorpa: Turasoireacht agus Oidhreacht Áitiúil Dholáimhsithe.” *An Coimisiún Eorpach*. <ec.europa.eu/enterprise/sectors/tourism/eden/themes-destinations/2008-heritage/index_ga.htm> (27 Márta 2014).

Benjamin, Walter. “The Storyteller.” *The Novel: An Anthology of Criticism and Theory 1900-2000*. Eag. Dorothy J. Hale. Malden, MA: Blackwell, 2006. 361-378.

- Blommaert, Jan, and Jef Verschueren. "The Role of Language in European Nationalist Ideologies." *Language Ideologies: Practice and Theory*. Eag. Bambi B. Schieffelin, Kathryn A. Woolard, and Paul V. Kroskrity. Nua-Eabhrac: Oxford University Press, 1998. 189-210.
- Bourdieu, Pierre. *Distinction: A Social Critique of the Judgement of Taste*. Londain: Routledge, 1984.
- Charles-Edwards, T.M. "Irish Ruling Kindreds: The Genealogies." *Early Irish and Welsh Kinship*. Oxford: Oxford UP, 1993. 111-134.
- Clark, Katerina, agus Michael Holquist. "Discourse in Life and Art." *Mikhail Bakhtin*. Cambridge, MA: Belknap Press of Harvard UP, 1984. 197-211.
- Comerford, R.V. *Ireland (Inventing the Nation)*. Londain: Arnold agus Oxford UP, 2003.
- Conradh na Gaeilge. "Clár Oibre Chonradh na Gaeilge." 7 Lúnasa 2013. <<http://cnag.ie/ga/eolas/conradh-na-gaeilge/cad-a-dhéanann-conradh-na-gaeilge.html>> (7 Bealtaine 2015).
- De Mórdha, Micheál. *Scéal agus Dán Oileáin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012.
- Dégh, Linda. "Folk Narrative." *Folklore and Folklife: An Introduction*. Eag. Richard Mercer Dorson. Chicago: U of Chicago P, 1972. 53-83.
- Duddy, Thomas. "Thinking Ireland: Cultural Nationalism and the Problem of Irish Ideas." *New Hibernia Review* 7.1 (2003): 14-23.
- Eastlake, John. "Orality and Agency: Reading an Irish Autobiography from the Great Blasket Island." *Oral Tradition* 24.1 (2009): 125-141.
- Edwards, Ruth Dudley. *Patrick Pearse: The Triumph of Failure*. Dublin: Irish Academic Press, 2006 [1977].
- Finnegan, Ruth. *Oral Traditions and the Verbal Arts: A Guide to Research Practices*. Londain: Routledge, 1992.
- Flower, Robin. "Foreword." *The Islandman: Tomás Ó Criomhthain 1856-1937*. Oxford: Oxford UP, 1978. v-xi.
- Gadamer, Hans-Georg. "Language and Understanding." *The Gadamer Reader: A Bouquet of the Later Writings*. Eag. Richard E. Palmer. Evanston: Northwestern UP, 2007. 89-107.
- Heidegger, Martin. "The Origin of the Work of Art." *Basic Writings*. Eag. David Farrell. Londain: Routledge, 2007. 143-212.
- Jenkins, Richard. *Pierre Bourdieu*. Londain: Routledge, 1992.
- Kroskrity, Paul V. *Telling Stories in the Face of Danger: Language Renewal in Native American Communities*. Norman: U of Oklahoma P, 2012.

- Lemke, J.L. *Textual Politics: Discourse and Social Dynamics*. Londain: Taylor & Francis, 1995.
- Lowenthal, David. *The Past is a Foreign Country*. Cambridge: Cambridge UP, 1985.
- Mac Conghail, Muiris. *The Baskets: A Kerry Island Library*. Baile Átha Cliath: Country House, 1987.
- Moran, D.P. *The Philosophy of Irish Ireland*. Eag. Patrick Maume. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, 2006.
- Moran, Seán Farrell. *Patrick Pearse and the Politics of Redemption: The Mind of the Easter Rising, 1916*. Washington, DC: Catholic U of America P, 1994.
- Nash, Catherine. *Of Irish Descent: Origin Stories, Genealogy & Politics of Belonging*. Syracuse, Nua-Eabhrac: Syracuse UP, 2008.
- Ní Aimhíngín, Nuala. *Muiris Ó Súilleabháin, saol agus saothar*. Maigh Nuad: An Sagart, 1983.
- Ní Chéilleacháir, Máire. "Tréigean an Bhlascaod: Dhá Insint Ar an Scéal Ó Sheán Ó Criomhthain Agus Eibhlís Ní Shúilleabháin." *Ceiliúradh an Bhlascaod 8: Tréigean an Oileáin*. Eag. Máire Ní Chéilleacháir. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005. 85-95.
- Ní Dhúill, Eilís. "Storytelling in West Kerry: Construction and Performance of Social Memory in an Indigenous Community." Páipéar Comhdhála, Inter-Disciplinary. net Storytelling conference, Prág, 21-24 Bealtaine 2013. <www.inter-disciplinary.net/probing-the-boundaries/wp-content/uploads/2013/04/dhuillspaper.pdf> (7 Bealtaine 2015).
- Ní Laoire, Siobhán. "Teangacha i dteagmháil: Códmhalartú, Piseanáú agus Criólú." *An tSochtheangeolaíocht: feidhm agus tuairisc*. Eag. Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012. 49-66.
- Ní Shúilleabháin, Eibhlís, agus George Chambers. *Letters from the Great Basket*. Corcaigh: Mercier, 1979.
- Nic Eoin, Máirín. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982.
- Nicholls, Kenneth. "Genealogy." *The Heritage of Ireland*. Eag. Neil Buttimer, Colin Rynne agus Helen Guerin. Corcaigh: Collins, 2000. 156-161.
- Ó Cadhain, Máirtín. "Béaloideas." *Ó Cadhain i bhFeasta*. Eag. Seán Ó Laighin. Baile Átha Cliath: Clodhanna Teoranta, 1990. 27-82.
- Ó Cadhla, Stíofán. *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 2011.
- Ó Conchubhair, Brian. "An Náisiúnachas Cultúrtha agus an Ghaeilge." *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán, Conamara: An Clóchomhar/Cló Iar-Chonnachta, 2009. 13-50.

- O'Connor, Anne. "Deconstructing the Archive? A Reflection on Collection-Centred Ethnology in the Irish Context." *Béaloideas* 78 (2010): 80-98.
- Ó Croidheáin, Caoimhghin. *Language from Below: The Irish Language, Ideology and Power in 20th-Century Ireland*. Berne: Peter Lang, 2006.
- Ó Dubhshláine, Mícheál. *Dark Day on the Blaskets*. An Daingean, Co. Chiarraí: Brandon, 2003.
- O'Farrell, Patrick. *Ireland's English Question: Anglo-Irish Relations 1534-1970*. Londain: Batsford, 1971.
- Ó Fiannachta, Pádraig. "Mícheál Ó Gaoithín." *Oidhreacht an Bhlascaoid*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989. 270-290.
- Ó Laoire, Lillis. *Ar Chreag i Lár Na Farraige*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonachta, 2002.
- Ó Tuama, Seán. *Repossessions: Selected Essays on the Irish Literary Heritage*. Corcaigh: Cork UP, 1995.
- Ricœur, Paul. *Memory, History, Forgetting*. Aistrithe ag Kathleen Blamey agus David Pellauer. Chicago: U of Chicago P, 2004.
- Sayers, Peig. *Peig: A Scéal Féin*. Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 1936.
- Schmidt, Lawrence K. *Understanding Hermeneutics*. Stocksfield: Acumen, 2006.
- Simms, Katharine. *Medieval Gaelic Sources*. Baile Átha Cliath: Four Courts, 2009.
- Syngé, John Millington. *The Collected Letters of John Millington Syngé, Volume 1: 1871-1907*. Eag. Ann Sadlemeyer. Oxford: Clarendon Press, 1985.
- TG4. "Nuachtlitir." *TG4.ie*. <www.tg4.ie/en/newsletter/tg4/october-2012.html> (5 Márta 2013).
- Thomson, George Derwent. *Island Home: The Blasket Heritage*. An Daingean, Co. Chiarraí: Brandon, 1988.
- Timothy, Dallen J., agus Jeanne Kay Guelke. "Introduction." *Geography and Genealogy: Locating Personal Pasts*. Eag. Dallen J. Timothy agus Jeanne Kay Guelke. Farnham: Ashgate, 2008. 1-20.
- Woods, Jeannine. *Visions of Empire and Other Imaginings: Cinema, Ireland and India 1910-1962*. Nua-Eabhrac: Peter Lang, 2011.

Scannán Liosta

- Féiritéar, Breandán. "Deireadh an Áil: na Blascaodaí Deireanacha, Fómhar 1995." 40. Éire: RTÉ, TG4, 1996, 2012.